

Cad é an difríocht idir Rogha 1 (Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch) agus Rogha 2 (Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Trácht Aontreo ar Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar)?

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar na príomhdhifríochtaí idir an dá rogha atá á mbreithniú anois.

Achoimre ar an dá thogra idir Bóthar Grattan agus Bóthar Bhearna			
Earra	Leagan Amach Reatha	Rogha 1 – Trácht Feithiclí Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar agus Trácht Feithiclí Aontreo idir Bóthar na Mine agus Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch	Rogha 2 – Trácht Dhá Threo ar an bPromanáid, Bóthar Aontreo ó Bhóthar Bhearna go Poll na Ruama Thiar
Carrpháirceáil ar Cholbha an Chosáin ar Phromanáid Bhóthar na Trá	310 spás, ar an iomlán	197 spás páirceála, ar an iomlán	96 spás páirceála, ar an iomlán
Trácht Feithiclí	Trácht feithiclí dhá threo	Beidh srian ar fheithiclí taisteal Siar ó Shráidbhaile Bhóthar na Trá (Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch) go dtí an tAcomhal le Bóthar Bhearna.	Beidh srian ar fheithiclí taisteal Siar laistiar de Pholl na Ruama go Bóthar Bhearna. Cuirfear an trácht siar ar mhalairt slí amach ar Bhóthar na Mine agus ar Bhóthar Bhaile an Rí nó ar a mhacasamhail de bhealaí malartacha
Seirbhís Bus	Freastalaíonn roinnt seirbhísí bus ar an stráice seo bóthair, Seirbhísí na Cathrach 401 agus 410, agus Seirbhísí Réigiúnacha 424 agus 524 san áireamh.	Is gá an trácht a chur ar mhalairt slí le haghaidh seirbhísí bus siar, seirbhísí 401, 410, agus seirbhísí 424 agus 524 san áireamh idir Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch agus Bóthar Bhearna	Is gá an trácht a chur ar mhalairt slí le haghaidh seirbhísí bus, seirbhísí 401, 410, agus seirbhísí 424 agus 524 san áireamh, ach ní dhéanfar sin ach i gcás an tráchta siar idir Rinn na Mara agus Cnoc na Cathrach.
Bánna páirceála ar an bPromanáid do dhaoine faoi mhíchumas	An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)	An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 9 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)	An Phromanáid/ Bóthar na Trá Uachtarach (thart ar 6 spás), Rinn na Mara/ Timpeallán na nDorchaíoch (thart ar 6 spás)

Stadanna Tacsaithe	9 spás	Laghdófar na spásanna stad tacsaithe go dtí 2 spás	Laghdófar na spásanna stad tacsaithe go dtí 5 spás
Rochtain Éigeandála	Tá rochtain colbha ísil ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill	Tá colbha íseal ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill. Beidh rochtain shrianta ag feithiclí éigeandála agus beidh sruth tráchta aontreo ann.	Tá colbha íseal ar Phromanáid Bhóthar na Trá (chun tránna a rochtain) ar fáil go fóill.
Lána Casta ar Dheis isteach go hÓstán Chuan na Gaillimhe	Tá an lána casta ar dheis don trácht atá ag gluaiseacht ó Shráidbhaile Bhóthar na Trá ann go fóill	Baintear an lána casta	Baintear an lána casta
Rochtain ag Coisithe	Tá roinnt trasrianta coisithe rialaithe i bhfeidhm faoi láthair	Tá na trasrianta agus na cosáin reatha ann go fóill – tá rogha ann leis an spás breise ar an mbóthar a úsáid do pháircíní nó le húsáid eile phoiblí a bhaint astu.	Tá na trasrianta agus na cosáin reatha ann go fóill. Beidh athruithe ag teastáil nuair a thrasnaíonn an rotharbhealach a bheartaítear saoráid do choisithe.
Stadanna Bus	Trácht feithiclí dhá threo. Tá stadanna reatha bus cuasaithe, a cheadaíonn don trácht scoitheadh fad a bhíonn bus stoptha.	Beidh stadanna bus i lána an tráchta – beidh ar an trácht fanacht i scuaine taobh thiar de bhusanna fad a bhíonn siad stoptha agus fad a théann paisinéirí ar bord agus a bhíonn an bus á fhágáil acu	Beidh stadanna bus i lána an tráchta – beidh ar an trácht fanacht i scuaine taobh thiar de bhusanna fad a bhíonn siad stoptha agus fad a théann paisinéirí ar bord agus a bhíonn an bus á fhágáil acu
Soláthar do Rothair	Soláthar ar bith	Rotharbhealach 3 mhéadar dhá threo, ag a bhfuil crios maolánach sábháilteachta 0.5 méadar idir an rotharbhealach agus an trácht	Rotharbhealach 3 mhéadar dhá threo, a dtiocfaidh laghdú ar a leithead anuas go dtí 2.5 méadar corráit mar gheall ar chaolais bhóthair. Laghdófar an crios maolánach sábháilteachta idir rothaithe faoi bhun an leithid íosta 0.5 méadar a mholtar ag caolais bhóthair.